Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Feabhra 2020**
**(OR. en)**

**6038/20**

**SAN 47**
**IPCR 7**
**PROCIV 11**
**COCON 5**
**RELEX 117**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Feabhra 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6013/1/20 SAN 46 IPCR 6 PROCIV 10 COCON 4 RELEX 113 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le COVID-19 (13 Feabhra 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le COVID-19, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3751ú cruinniú dá cuid a tionóladh ar an 13 Feabhra 2020.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE COVID-19**

Tháinig Comhairle an Aontais Eorpaigh le chéile inniu chun impleachtaí na ráige de chásanna d'ionfhabhtú COVID-19 i measc daoine a bhreithniú. I mí na Nollag seo caite a thosaigh an ráig, sa tSín, agus ar an 30 Eanáir 2020, d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) ina héigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í[1].

Is díol sásaimh don Chomhairle freagairt éifeachtach an Aontais – na Ballstáit, an Coimisiún, an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), agus an Coiste Slándála Sláinte (HSC) – mar aon leis an bhfreagairt idirnáisiúnta a tugadh ar an mbagairt go bhféadfadh paindéim briseadh amach, agus iarrann sí go leanfaí den chomhar sin, agus go gcuirfí leis, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Ós feasach go bhfuil an staid eipidéimeolaíoch fós ag athrú, ba cheart don Aontas gona Bhallstáit leanúint den ghníomhú cinntitheach comhordaithe chun dul i ngleic leis an mbagairt ó COVID-19 agus chun tarchur víreas 2019-nCoV is cúis leis isteach san Aontas agus laistigh den Aontas a chosc. Chun na críche sin, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh na conclúidí seo a leanas:

"**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS**

1. **AITHNÍONN SÍ** go bhféadfadh ráigeanna de ghalair theagmhálacha nua amhail COVID-19 a bheith ina mbagairtí domhanda ar an tsláinte phoiblí, go háirithe mar gheall ar líon ard agus minicíocht an taistil idirnáisiúnta sa saol domhandaithe;

2. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** gur víreas ar féidir é a tharchur ó dhuine go duine is cúis leis na cásanna dearbhaithe de COVID-19;

---

[1] https://www.who.int/news-room/detail/30-01-2020-statement-on-the-second-meeting-of-the-international-health-regulations-(2005)-emergency-committee-regarding-the-outbreak-of-novel-coronavirus-(2019-ncov)

3. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an Plean Ullmhachta Straitéisí agus Freagartha maidir le 2019-nCoV a d'eisigh EDS an 3 Feabhra 2020[2] darb aidhm stop a chur le haon tarchur eile de víreas 2019-nCoV laistigh den tSín agus i dtíortha eile agus iarmhairt na ráige i ngach tír a mhaolú, ina n-iarrtar go ndéanfaí cistiú a shlógadh de thaca le comhordú idirnáisiúnta agus tacaíocht oibríochtúil a bhunú, go dtreiseofaí ullmhacht agus iarrachtaí freagartha gach tíre, agus go gcuirfí dlús le taighde agus nuálaíocht tosaíochta;

4. **CUIREANN SÍ I bhFIOS** go seasann sí leo siúd ar fud an domhain a ionfhabhtaíodh agus leis na tíortha is mó atá buailte, go háirithe an tSín, agus **DEARBHAÍONN SÍ** go bhfuil sí ullamh, in éineacht leis an gCoimisiún agus i gcomhar le EDS agus le húdaráis na dtríú tíortha sin, le scrúdú a dhéanamh ar bhealaí agus ar mhodhanna féideartha le cúnamh a chur ar fáil chun an ráig seo a chomhrac;

5. **MEABHRAÍONN SÍ** go mbíonn an tAontas gona Bhallstáit ag comhordú agus ag comhoibriú go dlúth i réimse na slándála sláinte, trí bhearta pleanála agus freagartha agus pleanáil ullmhachta a chur chun feidhme, agus trí aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le pleanáil leanúnachais gnó, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte[3], agus i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) i réimse na héigeandálaí sláinte[4];

6. **CUIREANN SÍ I dTREIS** a thábhachtaí atá na gníomhaíochtaí tapa arna ndéanamh in éineacht leis an gCoimisiún, faoi chuimsiú Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (IHR) EDS, trí bhearta freagartha a chomhordú lena n-áirítear rianú teagmhála agus cumarsáid maidir le rioscaí, agus trí chomhroinnt faisnéise maidir le bearta coisctheacha agus ullmhúcháin faoi chuimsiú HSC agus den Chóras Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS), chun an tsláinte phoiblí a chosaint;

---

2 https://www.who.int/docs/default-source/coronaviruse/srp-04022020.pdf

3 Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, agus lena n- aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE, IO L 293, an 5.11.2013, lch.1.

4 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta IO L 347, an 20.12.2013, lch. 924.

7. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an Rún maidir le hullmhacht a neartú do ghéarchéimeanna sláinte; Cur chun Feidhme na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta (IHR, 2005), arna nglacadh ag Bord Feidhmiúcháin EDS, an 8 Feabhra 2020[5];

8. **IS DÍOL SÁSAIMH DI FREISIN** an obair atá ar siúl cheana féin ag EDS, an Coimisiún, ECDC agus HSC, go háirithe an obair ar na treoirlínte maidir le sainiú coiteann cáis, ar bhainistiú coiteann cáis, agus ar fhaisnéis do thaistealaithe;

9. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá obair ECDC ar threoir theicniúil maidir le hanailís, measúnú riosca agus cóireáil daoine ionfhabhtaithe agus daoine a theagmhaigh leo, agus maidir le gairmithe sláinte lena mbaineann a chosaint, mar aon le hobair na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA) ar chóireálacha, vacsaíní agus taighde chomh maith le hobair Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) ar ábhair a bhaineann le cosaint na sláinte poiblí in earnáil an aerthaistil, agus obair gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais;

10. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** gur cuireadh i ngníomh go pras, sa mhodh um chomhroinnt faisnéise, socruithe comhtháite an Aontais i leith freagairt pholaitiúil ar ghéarchéim (IPCR)[6] agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta[7]; is díol sásaimh di freisin athneartú an chúnaimh chonsalaigh de fhreagairt ar COVID-19;

11. **AITHNÍONN SÍ** gur féidir éifeachtacht na mbeart náisiúnta – a dhéantar ag teorainneacha an Aontais agus ag pointí iontrála chun an tsláinte phoiblí a chosaint, lena n-áirítear bearta atá déanta ag na Ballstáit cheana féin i gcomhthéacs ráig COVID-19 – a fheabhsú a thuilleadh tríd an gcomhordú atá ar siúl cheana idir na Ballstáit agus an Coimisiún a neartú, faoi chuimsiú mholtaí EDS;

---

[5] EB 146/CONF./17 an 8 Feabhra 2020 https://apps.who.int/gb/ebwha/pdf_files/EB146/B146_CONF17-en.pdf

[6] https://www.consilium.europa.eu/en/policies/ipcr-response-to-crises/

[7] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_20_142

12. **AITHNÍONN SÍ** go mbíonn gá le gníomhaíocht chomhordaithe idirearnálach ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta chun freagairt ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus is díol sásaimh di an tacaíocht ón gCoimisiún, ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha uile an Aontais chuige sin;

13. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá sé ról EDS a athneartú i mbainistiú na ráige, bunaithe, *inter alia*, ar ionchur comhordaithe ón Aontas, go háirithe chun malartuithe fíor-ama ar shonraí eipidéimeolaíocha a áirithiú;

14. **CUIREANN SÍ I dTREIS** a riachtanaí atá sé cur chuige comhordaithe a fhorbairt le EDS, lena n-áirítear féidearthachtaí a fhiosrú maidir le maoiniú deonach, chun tacú le tíortha ar laige a gcórais sláinte, i gcomhréir le prionsabal na dlúthpháirtíochta domhanda;

15. **TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit gníomhú le chéile, i gcomhar leis an gCoimisiún, ar bhealach comhréireach iomchuí, i gcomhréir leis na moltaí ó EDS agus leis an gcomhairle ó ECDC, mar a leanas:**

    a) na bearta is gá agus is iomchuí a ghlacadh lena áirithiú go ndéantar an tsláinte phoiblí a chosaint, agus é á chur san áireamh go bhfuil aird ar leith le tabhairt ar gach cineál taistil idirnáisiúnta. Leis na bearta sin, ba cheart an méid seo a leanas, go háirithe, a áirithiú:

    - gurb acmhainn, ag pointí iontrála uile an Aontais, faisnéis agus comhairle riachtanach a sholáthar dóibh siúd dar riosca ardaithe an víreas 2019-nCoV a iompar, faoi conas is féidir leo comhairle agus cúram leighis iomchuí a lorg;
    - gurb ann do phleananna soiléire agus acmhainní chun cúram cuí a chur ar fáil i suíomhanna cúram sláinte dóibh siúd a bhfuil amhras ann go bhfuil víreas 2019-nCoV á iompar acu, dóibh siúd ar deimhin go bhfuil sé á iompar acu, agus d'aon ghníomhartha breise is gá amhail dul i dteagmháil leo siúd dar díobh iad;
    - go gcuirtear faisnéis ar fáil, ar fud an Aontais, do thaistealaithe idirnáisiúnta, atá ag teacht isteach san Aontas nó faoi bhealach as na limistéir atá buailte leis an víreas agus gur féidir na daoine sin a aimsiú;
    - I gcás ina mbeidh údar leis de bharr na n-imthosca, is féidir iarraidh ar thaistealaithe atá ag teacht isteach san Aontas nó faoi bhealach as na limistéir atá buailte leis an víreas, an raibh teagmháil acu le daoine ó na limistéir sin;

- go gcuirtear treoir agus faisnéis ar fáil d'oibrithe cúraim sláinte agus don phobal i gcoitinne;
- go gcuirtear an chosaint iomchuí ar fáil don lucht leighis sna hospidéil a bheidh ag cur cóir leighis ar na hothair;

agus ba cheart go gcomhlíonfaidís na moltaí ó EDS a eisíodh ar bhonn IHR, obair HSC, comhairle ó ECDC, agus i gcomhréir le pleananna agus treoirlínte náisiúnta;

b) dlúthchomhordú feabhsaithe a fhorbairt idir na Ballstáit chun éifeachtacht gach birt a áirithiú, lena n-áirítear, más gá, bearta maidir le taisteal, agus an tsaorghluaiseacht laistigh den Aontas á cosaint ag an am céanna, chun an chosaint is fearr is féidir ar shláinte phoiblí a áirithiú agus feasacht an phobail i gcoitinne a mhéadú maidir le COVID-2019;

c) i réimse an fhaireacháin agus an fhaireachais, faisnéis ar éabhlóid víreas 2019-nCoV a chomhroinnt go leanúnach laistigh dá gcríoch trí bhíthin struchtúir Eorpacha agus idirnáisiúnta atá ann cheana, i gcomhréir le IHR agus Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE;

d) i réimse na diagnóise agus na cóireála, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE agus i gcomhréir le hAirteagal 44 de IHR, leanúint den dlúthpháirtíocht agus den chomhar, agus tacaíocht á tabhairt dá chéile agus don chomhphobal domhanda maidir le foinse víreas 2019-nCoV a shainaithint mar aon leis an gcontúirt iomlán a bhaineann leis an tarchur ó dhuine go duine, agus an chóireáil riachtanach á forbairt, treoirlínte coitianta bainistithe cásanna á n-ullmhú, agus cumas diagnóise á chomhroinnt mar is gá agus úsáid frithvíreasach á barrfheabhsú;

e) i réimse na cumarsáide, leas a bhaint, mar is iomchuí, as HSC gona Líonra Cumarsáideoirí, faisnéis agus treoir atá comhordaithe, cruinn, tráthúil agus comhsheasmhach a chur ar fáil don phobal i gcoitinne maidir le COVID-19, bunaithe ar fhianaise agus ar a bhfuil de shonraí ar fáil, agus ar an gcaoi sin, mífhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhrac, ar dá dtorthaí an t-idirdhealú a bheith a imirt ar dhaoine;

f) i réimse an taighde agus na forbartha, comhoibriú go dlúth le chéile, agus, i gcás inarb iomchuí, leis an tionscal cógaisíochta agus leis an lucht acadúil, chun forbairt vacsaín phíolótaigh in aghaidh víreas COVID-19 a éascú, agus chun diagnóisic agus frithvíreasachtaí a fhorbairt;

16. **IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

a) comhroinnt faisnéise agus comhar trasearnála idir na Ballstáit a éascú, go háirithe maidir le faireachas, measúnú riosca, bainistiú riosca agus frithbhearta i leith COVID-19 laistigh den Aontas;

b) faoi chuimsiú HSC, agus, mar is iomchuí, faoi UCPM, tacaíocht a thabhairt do thograí le haghaidh beart comhordaithe do na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an ráig, bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíochta atá ar fáil;

c) na sásraí cistiúcháin atá ann cheana a ghníomhachtú chun tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit agus iad ag ullmhú don bhagairt sláinte a tharla mar gheall ar COVID-19, agus ag freagairt don bhagairt sin, faoi chláir agus gníomhaíochtaí atá ann cheana san Aontas;

d) leanúint de bheith ag scrúdú na bhféidearthachtaí go léir atá ann, go háirithe soláthar comhpháirteach, chun an rochtain riachtanach a éascú ar threalamh cosanta pearsanta atá ag teastáil ó na Ballstáit chun na ganntanais a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú;

e) an t-ailíniú a chur chun cinn i measc na mBallstát ar bhearta iomchuí agus costéifeachtacha arna ndearnadh chun beatha daoine a chosaint agus a shábháil agus an baol go dtiocfaidh méadú ar chásanna COVID-19 a íoslaghdú go héifeachtúil, agus rialacha leordhóthanacha a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le frithbhearta neamhchógaseolaíocha lena n-áirítear leithlisiú, coraintín agus imeallú sóisialta bunaithe ar dhinimic reatha na staide eipidéimeolaíochta, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch ó ECDC agus ó EDS;

f) i gcomhar le EMA agus na gníomhaireachtaí náisiúnta leigheasra, measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a fhágann bagairtí sláinte domhanda, amhail COVID-19, ar infhaighteacht leigheasra laistigh den Aontas agus ar shlándáil na slabhraí soláthair;

g) tacaíocht a neartú do Líonra Cumarsáideoirí an Choiste Slándála Sláinte i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus le Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha Líonra Cumarsáideoirí an Choiste Slándála Sláinte."